

Plean Straitéiseach
Strategic Plan

2014-2017



An Clár / Contents

Ráiteas Misin

Mission Statement 1

1. Léargas Ginearálta

Overview 3

2. Dearcadh Straitéiseach i dtreo 2017

A Strategic Outlook towards 2017 5

3. Luachanna & Téamaí Straitéiseacha

Strategic Values and Themes 7

4. Seachadadh na Straitéise

Delivering the Strategy 19



Ráiteas Misin

Pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus, tríd sin, an Ghaeilge mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú.

Réamhrá

Tá Údarás na Gaeltachta ag cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht le os cionn 30 bliain agus ag cur tionscnamh agus tacaíochtaí éagsúla ar fáil chun tacú le forbairt theangeolaíoch, gheilleagrach, chultúrtha agus shóisialta na Gaeltachta. Tá os cionn 7,000 duine fostaithe faoi láthair i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás.

Tá ról agus struchtúr an Údaráis leagtha amach in Achtanna um Údarás na Gaeltachta 1979-2010 agus Acht na Gaeltachta 2012. Sonraíonn Acht na Gaeltachta 2012 ról ar leith don Údarás i bhfeidhmiú na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* sa Ghaeltacht agus dearbhaíonn sé ról an Údaráis i bhforbairt theangeolaíoch, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil agus gheilleagrach na Gaeltachta.

Dúshlán don Stát agus don Údarás is ea creimeadh na teanga sa Ghaeltacht a stopadh agus a aisiompú, líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú 25% faoi 2030, mar atá leagtha amach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, agus fostaíocht inbhuanaithe a choinneáil agus a chruthú sna ceantair sin. Tugann múnla oibriúcháin an Údaráis leibhéal ard rochtana dó ar thionscail agus fiontair agus ligeann sé don Údarás frithghníomhú go sciobtha agus go solúbtha nuair a thagann deiseanna agus dúshláin nua chun cinn. Lena chois sin, feidhmíonn an tÚdarás mar bhealach do phobail Ghaeltachta, lucht gnó, rialtas áitiúil, eagrais réigiúnacha, oideachais agus taighde, infheisteoirí féideartha agus fiontair éagsúla lena n-ionchuir agus comhairle a chur chuig cláir agus polasaithe d'fhorbairt gheilleagrach, theangeolaíoch, thionsclaíoch agus réigiúnach atá lárnach d'fhorbairt na Gaeltachta.

Chun pobail láidre teanga a fhorbairt teastaíonn cur chuige comhtháite atá bunaithe ar dhea-chleachtas i bpleanáil teanga. Tá comhpháirtíochtaí láidre agus tiomanta, idir

Mission Statement


To develop an energetic, successful and sustainable Gaeltacht community and economy, and thus maintain, promote and strengthen the use of Irish as the predominant language of the Gaeltacht community.

Introduction

Údarás na Gaeltachta has been creating employment in the Gaeltacht for over 30 years and providing various initiatives and supports to support the linguistic, economic, cultural and social development of the Gaeltacht. There are currently over 7,000 people employed in companies supported by an tÚdarás.

The role and composition of an tÚdarás is set out in the Údarás na Gaeltachta Acts 1979-2010 and the Gaeltacht Act 2012. The Gaeltacht Act 2012 affirms the role of an tÚdarás in the linguistic, cultural, social, physical and economic development of the Gaeltacht and gives the authority a specific role in relation to the implementation of the *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030* in the Gaeltacht.

The challenge for the State and an tÚdarás is to stop and reverse the erosion of the Irish language in the Gaeltacht; to increase the number of Irish speakers in the Gaeltacht by 25% by 2030, as set out in the *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030*; and to maintain and create sustainable employment in those areas. The operating model of an tÚdarás affords it a high level of access to industries and enterprises and provides it with the opportunity to react swiftly and flexibly when new challenges and opportunities present themselves. In addition, an tÚdarás acts as a medium for Gaeltacht communities, business people, local government, regional, educational and research organisations, potential investors and various enterprises to contribute their advice and input towards programmes and policies for economic, linguistic, industrial and regional development that are central to the development of the Gaeltacht.



pobail áitiúla agus na gníomhaireachtaí ábhartha Stáit, riachtanach le tógáil ar láidreachtaí agus ar inniúlachtaí agus chun cur le líon na gcainteoirí Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge mar theanga pobail sa Ghaeltacht. Beidh Údarás na Gaeltachta ag obair go dlúth leis na pobail Ghaeltachta agus iad ag cur a bpleananna teanga le chéile faoi mar atá leagtha síos in Acht na Gaeltachta 2012.

Teastaíonn earnáil láidir, fhuinniúil frontair atá ábalta dul san iomaíocht agus í féin a chur in oiriúint do gheilleagar domhandaithe atá ag éirí fíor-iomaíoch chun deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chruthú do phobail Ghaeltachta. Níl Éire iomaíoch a thuilleadh i ndéantúsaíocht íseal-bhreislúacha agus dá bhrí sin díreoidh straitéis an Údaráis den chuid is mó ar ghnóthais eolasbhunaithe agus seirbhísbhunaithe, ar dhéantúsaíocht nideoige agus ar fhorbairt frontar dúchasach a bheidh fréamhaithe in acmhainní nádúrtha, cultúrtha agus timpeallachta na Gaeltachta.

Tá Údarás na Gaeltachta báite i saol geilleagrach, cultúrtha agus sóisialta na Gaeltachta agus tá sé mar aidhm aige treisiú agus tacú le pobal inbhuanaithe Gaeltachta trí thimpeallacht láidir gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha a fhorbairt sa Ghaeltacht. Leagann an

straitéis seo amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe é seo a bhaint amach.

Tugann Clár an Rialtais léargas agus treoir ar pholasaithe an Rialtais i dtaca le réimse leathan ábhar atá sonrach d'obair an Údaráis, ar a n-áirítear cúrsaí fostaíochta agus an Ghaeilge. Agus an straitéis seo á forbairt, tá aird tugtha ar Chlár an Rialtais agus ar pholasaithe agus straitéisí éagsúla an Rialtais, *Ráiteas Straitéise na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; An Plean Gníomhaíochta Fostaíochta; Straitéis d'Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020; Sochaí Cheangailte a Sholáthar agus Saibhreas ár nAigéan* ina measc.

An integrated approach, based on the best practices in language planning, is required to develop a strong language community. Robust and determined partnerships between local communities and relevant state agencies are essential in building on strengths and abilities, in increasing the number of Irish language speakers and its usage as a community language in the Gaeltacht. Údarás na Gaeltachta will be working closely with Gaeltacht communities as they prepare their language plans as set out under the Gaeltacht Act 2012.

In order to create sustainable employment opportunities in Gaeltacht communities, a strong and vibrant enterprise sector is required that will compete and adapt to a highly-competitive globalised economy. Ireland is no longer competitive in low value-added manufacturing, therefore the strategy of an tÚdarás will focus more on knowledge and service based businesses, on niche manufacturing and on the development of indigenous enterprises rooted in the natural, cultural and environmental resources of the Gaeltacht.

Údarás na Gaeltachta is immersed in the economic, cultural and social life of the Gaeltacht and it aims to strengthen and support a sustainable Gaeltacht community through the development of a

strong economic, social and cultural environment in the Gaeltacht. This strategy outlines how it plans to achieve this.

The Programme for Government provides insight and direction on Government policies in support of a wide range of activities specific to the work of an tÚdarás, including employment creation and the Irish language. In the development of this strategy, consideration has been given to the Programme for Government and to the various policies and strategies of the Government including the *Strategy Statement of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht; the Action Plan for Jobs; the Strategy for Renewable Energy 2012 – 2020; Delivering a Connected Society* and *The Wealth of our Oceans*.

1. Léargas Ginearálta

An Staid Reatha – An Ghaeltacht in 2014

Údarás uathúil réigiúnach é Údarás na Gaeltachta a bhfuil réimse leathan de ghníomhaíochtaí forbartha idir lámha aige agus atá tiomanta do phobal agus do gheilleagar fuinniúil, rathúil, inmharthana Gaeltachta a fhorbairt. Faoi láthair tá an tÚdarás ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach atá ag síorathrú agus mar sin bíonn air a chuid straitéisí a chur in oiriúint don timpeallacht chasta shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach seo ar bhonn leanúnach.

An Ghaeilge mar Theanga Pobail

Tá todhchaí na Gaeilge mar theanga pobail sa Ghaeltacht idir dhá cheann na meá de thoradh brúnna inmheánacha agus seachtracha. Le blianta beaga anuas tá brú breise tagtha ar an nGaeilge mar theanga pobail de bharr méadú suntasach a bheith tagtha ar líon na ndaoine nach cainteoirí Gaeilge iad atá ag bogadh chun na Gaeltachta. Tá sé aitheanta go forleathan go gcuireann athruithe mar seo brú ar an méid Gaeilge a bhíonn in úsáid sna gréasáin shóisialta sa phobal.

1. Overview

Current Situation - The Gaeltacht in 2014

Údarás na Gaeltachta, as a unique regional authority undertaking a wide range of development activities, is committed to the development of a vibrant, successful, sustainable Gaeltacht economy. Currently an tÚdarás is operating in a challenging environment which is ever-changing and thereby requires ongoing adaptation of its strategies to suit the complexity of the social, cultural and economic conditions.

An Ghaeilge as a Community Language

The future of the Irish language as a community language in the Gaeltacht is in the balance as a result of internal and external pressures. Studies have suggested that in recent years the Irish Language has come under additional pressure as a community language as a result of the significant increase in the number of non-Irish language speakers moving to the Gaeltacht. It is widely recognised that such changes put pressure on the usage of the Irish language in social networks in the community.

*Údarás uathúil
réigiúnach
é Údarás na
Gaeltachta a bhfuil
réimse leathan de
ghníomhaíochtaí
forbartha idir
lámha aige*

*Údarás na
Gaeltachta is a
unique regional
development
authority with a
wide-ranging brief
and set of functions*

Lena chois sin, tá an comhdhéanamh teangeolaíoch i roinnt ceantar Gaeltachta athraithe ó bhonn mar gheall ar a suíomh. Tá siad ag iompú isteach ina mbruachbhailte de bharr a ngaireacht do cheantair uirbeacha atá ag leathnú amach.

I gceantair nach bhfuil réimse leathan den phobal páirteach i ngréasáin ina labhraítear Gaeilge, bíonn labhairt na Gaeilge teoranta do na haoisghrúpaí is sine agus/nó lucht na n-institiúidí oideachais amháin. I roinnt de na pobail is laige ó thaobh na teanga de tá an t-aon ghréasán labhartha Gaeilge atá fágtha bunaithe ar an oideachas bunscolaíochta. I roinnt eile, níl gréasáin labhartha Gaeilge ag an réimse sin fiú.

Geilleagar agus Bonneagar na Gaeltachta

De réir taighde a rinneadh ar thionchar geilleagrach an tÚdaráis sa Ghaeltacht, tá aschur geilleagrach de €1.6 billiún á sholáthar ag cliantchuideachtaí an tÚdaráis sa Ghaeltacht. Tá luach de €842 milliún sa bhliain ar chaiteachas iomlán chliantchuideachtaí an tÚdaráis, agus léiríonn sé sin go bhfuil luach suntasach á fháil ag an Stát ar an infheistíocht atá á déanamh ag an tÚdarás (Indecon 2014, Forfás 2013). Tá timpeall 7,000 duine fostaithe i gcliantchuideachtaí an tÚdaráis agus iad ag ranníoc os cionn €787 milliún sa bhliain i dtéarmaí aschur táirgíochta do gheilleagar na hÉireann.

Moreover, the linguistic composition of some Gaeltacht areas has changed fundamentally because of their location. Many are becoming more suburban due to their proximity to developing urban areas.

In areas where a wide section of the community is not part of the social network in which the Irish language is spoken, Irish speaking is confined to the oldest age groups and/or those in the educational system. In some of the communities where the language is weakest, the only Irish speaking network left is based around primary education. In some others not even that network remains.

The Economy and Infrastructure of the Gaeltacht

Research carried out on the economic impact of the activities of an tÚdarás in the Gaeltacht shows that the authority's client-companies deliver an economic output of €1.6 billion. Údarás client-companies' total annual expenditure in the economy is valued at €842 million, and illustrates that the State is receiving a significant return on the investments made by Údarás (Indecon 2014, Forfás 2013). There are c. 7,000 people employed in Údarás client-companies in the Gaeltacht which contribute over €787 million annually in terms of production outputs to the Irish economy.

Tá sé soiléir go bhfuil tionchar láidir geilleagrach ag gníomhaíochtaí an tÚdaráis ar an nGaeltacht mar thoradh ar an bhfócas eárnálach, ar scála na gcuideachtaí a gcuirtear tacaíocht ar fáil dóibh, agus ar an gcomhoibriú dlúth atá idir an eagraíocht agus an pobal.

In ainneoin feabhsuithe ar bhonneagar fisiciúil agus teileachumarsáide le blianta beaga anuas, tá gá fós le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun caighdeán an bhonneagair agus an leathanbhanda ardluais ar phraghas réasúnta sa Ghaeltacht a thabhairt chuig leibhéal iomaíoch atá inchurtha le háiteanna eile den tír. Tá sé seo riachtanach má táthar leis na fiontair seirbhíse a ghiniúint go háitiúil nó a mhealladh chun na Gaeltachta in aghaidh iomaíochta ghéar ó cheantair atá níos forbartha.

Caithfear aird a thabhairt ar na hathruithe suntasacha sa timpeallacht geilleagrach agus freisin ar an gcomhthéacs buiséadach ina bhfuil an tÚdarás ag feidhmiú agus é ag díriú ar an bpróiseas casta dúshlánach a bhaineann le forbairt geilleagrach inbhuanaithe sa Ghaeltacht.

It is clear that the activities of an tÚdarás have a strong economic impact on the Gaeltacht as a result of its focus on targeted sectors, the scale of the companies supported and the close cooperation between the authority and the community.

In spite of improvements in the physical and telecommunications infrastructure in the Gaeltacht in recent years, further investment is required to bring the standard of infrastructure and affordable high-speed broadband to a level which is competitive and comparable to other areas of the country. This is essential if service enterprises are to be generated locally or attracted to the Gaeltacht in the face of competition from more developed regions.

Consideration should be given to the significant changes in the economic environment and also of the budgetary context in which an tÚdarás is operating as it focuses on the challenging and complicated process pertaining to the sustainable economic development of the Gaeltacht.

2. Dearcadh Straitéiseach i dtreo 2017

Tá dhá príomhthéama sa straitéis seo:

- **Tacú le hacmhainní teanga, pobail agus cultúrtha agus forbairt a dhéanamh orthu.**
- **Feabhas a chur ar nuálaíocht agus iomaíochas trí fhorbairt na fiontraíochta agus acmhainní daonna.**

Tá na téamaí seo ag croilár na straitéise atá mar bhuntaca dár *raison d'être*, is é sin pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus tríd sin an Ghaeilge mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta a chinntiú.

Tá roinnt dúshlán i ndán don Ghaeltacht i dtimpeallacht atá ag síorathrú – dúshlán theangeolaíoch agus gheilleagracha – mar atá amhlaidh sa chuid eile den tír. Is é an dúshlán teanga don Stát agus don Údarás ná a léiriú gur féidir creimeadh na Gaeilge sa Ghaeltacht a stopadh agus a aisiompú, líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht a

mhéadú 25% faoi 2030, agus leanúint leis an tacaíocht chun fostaíocht inbhuanaithe a choinneáil agus a chruthú sa Ghaeltacht.

An Ghaeilge

Achtaíodh Acht na Gaeltachta i mí Iúil 2012. Deimhníonn Acht na Gaeltachta ról reatha an Údaráis agus leagann sé amach ról breise don eagraíocht i gcur i bhfeidhm na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* sa Ghaeltacht.

Déanfar forbairt ar an bpobal agus ar leathadh na teanga trí phróiseas phleanála teanga agus trí na gréasáin phobail a láidriú agus a hathbheochan. Díreoidh cur chuige comhtháite an Údaráis ar thacaíocht agus ar chur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht trí eagrais áirithe atá á maoiniú ag an Údarás don chuspóir sin. Díreofar ar sheirbhísí naíonra agus naíolainne a sholáthar; ar chlár forbartha d'óige a chur i bhfeidhm; ar chuspóirí oideachais dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste; ar fhorbairt na n-ealaíon agus an chultúir Ghaelaigh; ar na heagrais phobalbhunaithe, ar na hIonaid Seirbhísí Teanga agus ar oideachas triú leibhéal trí Ghaeilge. Trí eagraíochtaí agus cliantchuideachtaí an Údaráis a ghríosadh chun pleannanna tacaíochta teanga a chur i bhfeidhm, tá an tÚdarás muiníneach go dtiocfaidh fás ar líon na bhfiontar

2. A Strategic Outlook towards 2017

There are two key themes in this strategy:

- **Support and develop language, community and cultural resources.**
- **Enhance innovation and competitiveness through the development of enterprise and natural resources.**

These themes are fundamental to the strategy which underpins the organisation's *raison d'être*, that is, the development of a vibrant, successful, sustainable Gaeltacht community and economy, thereby ensuring the position of the Irish language as the principal community language of the Gaeltacht.

In an ever changing environment, the Gaeltacht faces a number of challenges – linguistic and economic – as is the case in Ireland generally. The linguistic challenge for the State and an tÚdarás will be to demonstrate that it is possible to stop and reverse the erosion of the language in the Gaeltacht, to increase the number of

Irish speakers in the Gaeltacht by 25% by 2030, and to continue supporting the maintenance and creation of sustainable employment in the Gaeltacht.

The Irish Language

The Gaeltacht Act was enacted in July 2012. The Gaeltacht Act affirms the current role of an tÚdarás and it outlines an additional role for the organisation in the implementation of the *20 Year Strategy for the Irish Language 2010-2030* in the Gaeltacht.

Both the community and the expansion of the language will develop through the language planning process and through the strengthening and revival of community networks. The integrated approach will focus on the support and promotion of Irish in the Gaeltacht through specific organisations funded by an tÚdarás to achieve this target, which focus on providing naíonra/pre-school services; implementing a youth development programme; providing education opportunities for the disadvantaged; development of the arts and of Irish culture; community organisations, Language Services Centres and Irish medium 3rd level education. By encouraging organisations and client-companies to implement language support plans, an tÚdarás is confident that the number of language-based enterprises will grow and that the Irish language

teangabhunaithe agus go dtreiseofar an Ghaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide phobal na Gaeltachta.

Cothú na Fiontraíochta

Teastaíonn earnáil fiontair atá cruthaitheach, láidir, fuinniúil agus iomaíoch le gur féidir deiseanna fostaíochta a chur ar fáil i bpobal na Gaeltachta.

Tá straitéis fiontraíochta an Údaráis ag díriú ar chuideachtaí seirbhíse intrádála idirnáisiúnta eolasbhunaithe a mhealladh agus a fhorbairt agus teacht i dtír ar an gcumas fiontraíochta atá in earnálacha fáis. Tá béim á cur ag an straitéis fiontraíochta ar fhiontraíocht ardachmhinne a spreagadh agus ar chuideachtaí dúchasacha nuálacha ardchumais a bhunú agus a fhás. Tá an tÚdarás ag díriú go háirithe ar chuidiú a thabhairt do chuideachtaí nua a bhfuil féidearthachtaí fáis iontu chun bogadh ón ngorlann go dtí an margadh.

Tá an tÚdarás tiomanta do sholáthair cláir agus scéimeanna atá iomaíoch, freagrúil, éifeachtach agus oiriúnach dá chliaint agus do phobal na Gaeltachta.

Aithníonn an tÚdarás freisin an gá a bhaineann le forbairt scileanna, ní amháin le cur ar chumas phobal na Gaeltachta deiseanna fostaíochta a bhaint amach, ach chun cur le cumas bainisteoirí agus fostaithe a gcuid scileanna a uasghrádú ionas gur féidir táirgí nua a fhorbairt, margáil nua a aimsiú agus cur le cumas fáis cuideachtaí

6

will be strengthened as the primary language of communication for the Gaeltacht community.

Promoting Enterprise

A creative, strong, energetic and competitive enterprise sector is required in order to provide employment opportunities in the Gaeltacht community.

The enterprise strategy of an tÚdarás is focused on attracting and developing knowledge-based internationally-traded service companies and utilising enterprise capabilities in growth sectors. The strategy emphasises the promotion of high potential enterprise and the establishment and growth of indigenous, innovative, high capacity businesses. An tÚdarás is focused in particular on helping new companies with potential for growth to move from incubation stage to the market.

An tÚdarás is committed to providing its clients and the Gaeltacht community with programmes and schemes which are competitive, responsive, effective and suitable.

An tÚdarás also recognises the need for skills development, not only to enable the Gaeltacht community to take advantage of employment opportunities, but also to enable managers and employees to upgrade their skills to develop new products, discover new markets and increase the growth potential of Gaeltacht companies. An

Gaeltachta. Sásóidh an tÚdarás na riachtanais seo trí réimse leathan tacaíochtaí a chur ar fáil do chuideachtaí, cuid acu seo i gcomhar le Fiontraíocht Éireann.

Is iad seo a leanas na hearnálacha fáis sa Ghaeltacht atá aitheanta ag an Údarás agus a gcuirfear fócas ar leith orthu, ach ní go heisiach:

- **Eolaíochtaí Beatha** – Feistis leighis, chomh maith le teicneolaíochtaí leighis agus nútraiceodaigh.
- **Muirshaothrú** – Feirmeoireacht éisc agus sliogéisc; forbairt speiceas nua.
- **Bia** – Réimsí nideoige a bhaineann le bia mara, feoil agus táirgí eile.
- **Seirbhísí Tacaíochta Gnó** – Ionaid teagmhála, seirbhísí cúloifige, seirbhísí airgeadais, agus seirbhísí aistriúcháin.
- **Fuinneamh** – Teicneolaíocht ghlas agus teicneolaíocht ghlan.
- **Fiontair Chruthaitheacha** – Teangabhunaithe, cultúr bhunaithe, ealaín bhunaithe, na meáin agus na meáin dhigiteacha.
- **Turasóireacht** – Turasóireacht bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus ar eispéireas cultúir/oidhreachta.
- **An Geilleagar Sóisialta** – Seirbhísí baile, fiontar pobalbhunaithe agus oiliúint.

tÚdarás will respond to these needs by providing companies with a wide range of supports, some of these in partnership with Enterprise Ireland.

The following are the growth sectors an tÚdarás has identified in the Gaeltacht and on which there will be a specific, but not exclusive, focus:

- **Life Sciences** – Medical devices, along with medical technological devices, including nutraceuticals.
- **Mariculture** – Fish and shellfish farming/processing; development of new species.
- **Food** – The niche areas dealing with seafood, meat and other products.
- **Business Support Services** – Contact centres, back office services, financial services and translation services.
- **Energy** – Green technology, clean technology.
- **Creative Enterprises** – Language-based, culture-based, arts-based, media and digital media.
- **Tourism** – Activity-based, cultural/heritage experience-based tourism.
- **Social Economy** – Community-based enterprise and training services.

3. Luachanna & Téamaí Straitéiseacha

Luachanna

Is iad bunluachanna an Údaráis an dúshraith ar a bhfeidhmíonn sé. Tá siad lárnach in obair na heagraíochta sa chaoi a gcruthaítear caidrimh agus sa chaoi a dtugtar aghaidh ar dhúshláin. Cabhraíonn siad leis a threo straitéiseach a fhorbairt agus cuidíonn siad leis a chuspóirí a bhaint amach. Tugann siad creatlach dó lena bheartais agus a chuid aidhmeanna a chur i gcrích. Is iad sin:

- **Ceannaireacht:** Ag tabhairt ceannaireachta d'fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta.
- **Fócas ar an bPobal:** Ag obair le pobail Ghaeltachta lena chinntiú go bhfuil aidhmeanna agus polasaithe an Údaráis ag freagairt dá gcuid riachtanais.
- **Nuálaíocht:** Spreagadh a thabhairt do choincheapa nua a aimsiú agus taighde agus forbairt a dhéanamh orthu ag leibhéil riaracháin, ghnó agus fhorbartha pobail.
- **Inbhuanaitheacht:** Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn chun timpeallacht agus cultúr sainiúil na Gaeltachta a shaibhriú.
- **Luach ar Airgead:** Úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní airgeadais agus daonna.

3. Strategic Values and Themes


Values

The key values of the organisation are the foundation upon which it functions. They are central to the work of an tÚdarás, the way it forms relationships and the way it responds to challenges. They help the organisation to develop its strategic direction and help it achieve its targets. They provide the framework to implement its policies and aims. These are:

- **Leadership:** Providing leadership for the economic, social and cultural development of the Gaeltacht.
- **Community Focus:** Working with Gaeltacht communities to ensure the organisation's aims and policies respond to their needs.
- **Innovation:** Stimulating the discovery, research and development of new concepts at an administrative, business and community development level.
- **Sustainability:** Promoting sustainable development to enrich the environment and distinctive culture of the Gaeltacht.
- **Value for Money:** The effective use of financial and human resources.

Leanfaidh muid orainn ag cuidiú le soláthar timpeallacht tacúil d'fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíochta agus cultúrtha trí ghréasáin agus trí chomhpháirtíochtaí comhoibritheacha le geallshealbhóirí eile.

We will continue to contribute to a supportive environment for sustainable economic and cultural development through fostering collaborative networks and partnerships with other key stakeholders

- 
- **Comhoibriú le geallsealbhóirí eile:** Comhpháirtíochtaí, comhghuaillíochtaí agus gréasáin a fhorbairt ar mhaithe le hiarrachtaí comhordaithe leis an gcaighdeán oibre agus sóisialta do phobail Ghaeltachta a fheabhsú.

Bunchloch na Straitéise seo

Is é polasaí an Rialtais an Ghaeilge a chaomhnú agus a chothú. Tá sé mar shainchúram ar Údarás na Gaeltachta an Ghaeilge a chaomhnú mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta. Aithnítear gurb é cobhsú an bhoinn gheilleagraigh trí ghiniúint fostaíochta an bealach is fearr leis an daonra a chaomhnú agus gurb é seo an bhunsraith chun an teanga a chaomhnú agus leathadh, rud atá mar chuid dílis den *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

Cuireann an Straitéis seo cur chuige comhtháite i láthair a bhfuil sé mar aidhm aige tacú, spreagadh agus láidriú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga pobail sa Ghaeltacht, fostaíocht a chruthú agus fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh. Chomh maith leis sin déanfar éascaíocht ar sholáthar bonneagair fhisiciúil agus shóisialta chun go gcruthófar an timpeallacht cheart d'fhás inbhuanaithe Gaeltachta láidir agus acmhainneach a mbeidh an Ghaeilge mar theanga pobail inti.

Teastaíonn spreagadh agus tacaíocht don nuálaíocht agus d'fhorbairt gheilleagrach agus tá sé mar aidhm ag an Údarás timpeallacht bharrmhaitheasa a chruthú agus a chothú sa Ghaeltacht le gur féidir le nuálaíocht agus forbairt gheilleagrach bláthú d'fhonn poist a chaomhnú agus fostaíocht bhreise a chruthú. Úsáidfear deiseanna comhoibrithe ag gach leibhéal chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- **Cooperation with other stakeholders:** Developing partnerships, alliances and networks for the benefit of coordinated efforts towards the improvement of social and work standards for the Gaeltacht community.

The Cornerstone of this Strategy

It is Government policy to preserve and promote the Irish language. Údarás na Gaeltachta has as its specific remit the preservation of Irish as the primary community language of the Gaeltacht. It is recognised that stabilisation of the economic base through the creation of employment is the best way to maintain the population in the Gaeltacht and that this in turn is the foundation to preserve and to revitalise the language, which is central to the *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030*.

Our strategy presents an integrated approach which aims is to support, encourage and strengthen the use of Irish as the primary community language in the Gaeltacht, to create employment and to stimulate enterprise and innovation. In addition, the provision of social and physical infrastructure will be facilitated in order to create the best climate for the sustainable growth of a strong and resourceful Gaeltacht in which Irish is the community language.

Support and encouragement is needed for innovation and economic development. It is the organisation's aim to create and promote an optimum environment in the Gaeltacht so that innovation and economic development can thrive which in turn will protect jobs and create additional employment. Opportunities for cooperation at all levels will be utilised to achieve those targets.

Téama 1: Tacú le hacmhainní teanga, pobail agus cultúrtha agus forbairt a dhéanamh orthu.

An Ghaeilge agus cultúr na Gaeltachta a chur chun cinn agus a threisiú chun pobail labhartha Gaeilge níos láidre a chothú.

SPRIOCANNA

- › Tacú le pobal labhartha Gaeilge a chothú sa Ghaeltacht.
- › Pobail Ghaeltachta a chumasú lena gcuid acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú.
- › Scileanna agus infhostaitheacht a fhorbairt sa Ghaeltacht.
- › Na healaíona a chur chun cinn agus deiseanna forbartha agus fostaíochta sna hearnálacha ealaíon agus cultúr bhunaithe a mhéadú.

Theme 1: Support and develop language, community and cultural resources.

Promoting and strengthening the Irish language and the culture of the Gaeltacht so as to foster stronger Irish-speaking communities.

OBJECTIVES

- › Provide support to sustain an Irish speaking community in the Gaeltacht.
- › Enable Gaeltacht communities to develop and improve their resources.
- › Develop skills and employability in the Gaeltacht.
- › Promote the arts and increase employment and development opportunities in the arts and culture-based sectors.

SPRIOC 1

Tacú le pobal labhartha Gaeilge a chothú sa Ghaeltacht.

1. Tacú le heagraíochtaí pobail agus iad ag réiteach pleananna teanga.
2. Coiste saineolaithe a bhunú chun comhairle agus treoir a chur ar an Údarás maidir le cúrsaí pleanála teanga.
3. Réimse de ghníomhaíochtaí teanga a chur in oiriúint do phobail ar leith, ar a n-áirítear tiomnú agus cur i bhfeidhm forbairt áiseanna, tionscnaimh oideachais agus feasachta, dírithe ar spriocghrúpaí sonracha sa phobal.
4. Gréasán na n-ionad seirbhísí teanga a fheabhsú agus a chur chun cinn mar aon le riachtanais teanga an phobail a aithint agus freastal a dhéanamh orthu.
5. Tacaíocht ag leibhéal réamhscoláíochta agus óige a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge.
6. Cineálacha éagsúla idirghabhálacha straitéiseacha (lena n-áirítear pleananna teanga comhtháite) a fhorbairt bunaithe ar riachtanais teangeolaíoch aitheanta na bpobal éagsúil ar mhaithe le cur le líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ó lá go lá.
7. Ról na hearnála gnó i gcothú na Gaeilge sa Ghaeltacht a fhorbairt trí phleananna cuí gníomhaíochta teanga a chur i bhfeidhm.
8. Oibriú i gcomhar le geallsealbhóirí eile chun tacaíocht don Ghaeltacht agus don Ghaeilge a láidriú go háitiúil agus go náisiúnta.

OBJECTIVE 1

Support and sustain Irish speakers in the Gaeltacht.

1. Support community development organisations to develop local language plans.
2. Establish a committee of experts to advise and direct an tÚdarás in relation to language planning affairs.
3. Provide a range of language activities tailored to particular communities needs, including undertaking and implementing the development of facilities and educational and awareness initiatives focused on specific target groups in the community.
4. Improve and promote the network of language services centres, identify the language needs of the community and attend to those needs.
5. Provide support at pre-school and youth level to households raising families through the medium of Irish.
6. Develop various strategic interventions (including integrated language planning) based on the recognised linguistic requirements of the various communities in order to increase the number of people who speak the Irish language from day to day.
7. Develop the role of the business sector in the maintenance of the Irish language in the Gaeltacht through the implementation of suitable language action plans.
8. Work in conjunction with other stakeholders to strengthen the support for the Gaeltacht and the Irish language locally and nationally.

SPRIOC 2


Pobail Ghaeltachta a chumasú lena gcuid acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú.

1. Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí agus ar struchtúir phobail, idir chinn nua agus cinn sheanbhunaithe, lena chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar gach ceantar Gaeltachta ag struchtúr cuí forbartha pobail.
2. Cothú agus forbairt a dhéanamh ar naisc leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, na ranna Rialtais agus eagraíochtaí eile atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht, chun leasa phobal na Gaeltachta.
3. Leanúint ag riaradh na scéimeanna fostaíochta sóisialta chun acmhainní pobail a fheabhsú agus a fhorbairt agus chun cur le scileanna éagsúla sa phobal.
4. Leanúint ag obair le geallsealbhóirí ábhartha lena chinntiú go ndéanfar soláthar ar bhonneagar fisiciúil agus teileachumarsáide ardachmhinne ar phraghas réasúnta sa Ghaeltacht.

OBJECTIVE 2

Enable Gaeltacht communities to develop and improve their resources.

1. Review and develop partnerships and community structures, both new and established, to ensure that every Gaeltacht area is serviced by an appropriate community development structure.
2. Sustain and develop connections with the Department of Arts, Heritage and Gaeltacht, government departments and other organisations who are operating in the Gaeltacht, in the interest of the Gaeltacht community.
3. Continue to administer social employment schemes so as to improve and develop community resources and increase various skills in the community.
4. Continue working with the relevant stakeholders to ensure the provision of high capacity, affordable telecommunications and physical infrastructure in the Gaeltacht.





SPRIOC 3

Scileanna agus infhostaitheacht a fhorbairt sa Gaeltacht.

1. Áiseanna taighde a bhrostú sna hearnálacha fáis sa Gaeltacht.
2. Tacú le tionscnaimh oiliúna agus oideachais i gcomhar le heagraíochtaí eile le feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta do phobal na Gaeltachta.
3. Oiliúint agus/nó athoiliúint a chur ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe nó tearcfhostaithe.
4. Tacú le daoine atá ar scéimeanna fostaíochta pobail chun fostaíocht a fháil sa phríomh-mhargadh saothair.
5. Leanúint le hathbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le geallsealbhóirí ábhartha eile.

OBJECTIVE 3

Develop skills and employability in the Gaeltacht.

1. Advance research facilities in growth sectors in the Gaeltacht.
2. Support education and training initiatives in conjunction with other organisations so as to improve employment opportunities for the Gaeltacht community.
3. Provide training and/or retraining for those who are unemployed or underemployed.
4. Support those who are on community employment schemes to progress to mainstream employment.
5. Continue to review and develop partnerships with other relevant stakeholders.

SPRIOC 4

Na healaíona a chur chun cinn agus deiseanna forbartha agus fostaíochta sna hearnálacha ealaíon agus cultúr bhunaithe a mhéadú.

1. Leanúint leis an tacaíocht do na healaíona sa Ghaeltacht i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon agus athnuachan agus forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí cuí áitiúla agus náisiúnta.
2. Tacú le healaíontóirí agus le heagrais ealaíon a gcumas cruthaitheach a bhaint amach agus cur lena gcumas chun fostaíocht a chruthú san earnáil.
3. Tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun spáis oibre agus/nó spáis taispeántais cuí a aimsiú dá gcuid saothar.
4. Tacú le forbairt cumais agus oiliúna sna healaíona trí scéimeanna éagsúla agus clár oiliúna a chur ar fáil i gcomhar leis na comhpháirtithe agus na soláthraithe cuí.
5. Tacú le ról na n-ealaíon i bhforbairt pobail na Gaeltachta chun féiniúlacht na Gaeltachta a chur in iúl.
6. Forbairt a dhéanamh ar phróifíl agus ar chultúr na n-ealaíon sa Ghaeltacht.

OBJECTIVE 4

Promote the arts and increase employment and development opportunities in the arts and culture-based sectors.

1. Continue to support the arts in the Gaeltacht in partnership with the Arts Council and renew and develop partnerships with the appropriate local and national organisations.
2. Support artists and art organisations in fully achieving their creative potential, and increase their ability to create employment in the sector.
3. Support artists and art organisations in securing appropriate workspace and/or exhibition space for their work.
4. Support the development of capacity and training in the arts by providing various schemes and training programmes in conjunction with the appropriate partners and providers.
5. Support the role of the arts in Gaeltacht community development to express Gaeltacht identity.
6. Develop the profile of the arts and the artistic culture of the Gaeltacht.

Téama 2: Nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú trí fhorbairt ar fhiontraíocht agus ar acmhainní nádúrtha.

Cultúr láidir, nuálaíoch agus fiontarthiomáinte a fhorbairt chun rachmas agus fostaíocht a chruthú sa Ghaeltacht, ag baint úsáide as réimse leathan d'acmhainní na Gaeltachta le forbairt inbhuanaithe gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha a bhaint amach.

SPRIOCANNA

- Spreagadh a thabhairt do chultúr láidir nuálaíoch fiontraíochta a chruthóidh agus a chothóidh rachmas agus fostaíocht sa Ghaeltacht trí thacú le gnóthaí nua agus gnóthaí atá bunaithe cheana féin a gcuid fostaíochta a chaomhnú agus a mhéadú.
- Deiseanna nua a fhorbairt d'acmhainní cósta na Gaeltachta trí nuálaíocht a bhaint amach i dtimpeallacht gheilleagrach atá ag síorathrú.
- Dlús a chur le forbairt na turasóireachta mar thiománaí don fhorbairt gheilleagrach sa Ghaeltacht.
- Éascú a dhéanamh ar sholáthar bonneagair riachtanaigh le hacmhainneacht fhiontraíochta na Gaeltachta a leathnú.

14

Theme 2: Enhance innovation and competitiveness through the development of enterprise and natural resources.

Develop a strong innovative and enterprise driven culture to create capital and employment in the Gaeltacht, using a wide range of Gaeltacht resources to achieve sustainable economic, social and cultural development.

OBJECTIVES

- Encourage strong innovative enterprise culture which will create and sustain wealth and employment in the Gaeltacht by supporting new and established businesses to maintain and increase their employment.
- Develop new opportunities for the Gaeltacht's coastal resources through innovation in a changing economic environment.
- Stimulate the development of tourism as a driver of economic development in the Gaeltacht.
- Facilitate the provision of essential infrastructure in order to expand the enterprise capacity of the Gaeltacht.

SPRIOC 1

Spreagadh a thabhairt do chultúr láidir nuálaíoch fiontraíochta a chruthóidh agus a chothóidh rachmas agus fostaíocht sa Ghaeltacht trí thacú le gnóthaí nua agus gnóthaí atá bunaithe cheana féin a gcuid fostaíochta a chaomhnú agus a mhéadú.

1. Infheistíocht nua a mhealladh chun na Gaeltachta chun cur leis an mbonn fostaíochta.
2. Cliantchuideachtaí a spreagadh chun: táirgí nua a fhorbairt; modhanna nua táirgeachta a úsáid atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla; deiseanna idirnáisiúnta, easpórtála, taighde agus forbartha a thapú.
3. Tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do chliaint nua agus do chliaint sheanbhunaithe chun a ngnó a fhorbairt agus chun poist a chaomhnú agus a mhéadú.
4. Dlús a chur le fás trí scileanna bainistíochta agus ceannaireachta i bhfiontair a threisiú trí réimse gníomhaíochtaí comhtháite a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le feabhas a chur ar tháirgiúlacht, nuálaíocht agus iomaíochas, trí dheiseanna tacaíochta agus oiliúna.
5. Nuálaíocht a thiomáint trí naisc struchtúrtha agus comhghuaillíochtaí idir tionscal, institiúidí ardoideachais agus gníomhaireachtaí cuí eile i réimsí nideoige ar leith.

OBJECTIVE 1

Encourage a strong innovative enterprise culture which will create and sustain wealth and employment in the Gaeltacht by supporting new and established businesses to maintain and increase their employment.

1. Attract new investment to the Gaeltacht to supplement the employment base.
2. Encourage client-companies to develop new products, to use new and better production methods, to focus on production efficiency, international opportunities, to drive exports, research and development driven by the market.
3. Provide the appropriate support for new clients and current clients to grow their business and to maintain and increase employment.
4. Enhance growth by promoting management and leadership skills in enterprises through the development and implementation of a range of integrated activities to improve productivity, innovation and competitiveness, through support and training opportunities.
5. Drive innovation through structured connections and alliances between industry, higher education institutions and other appropriate agencies in specific niche ranges.

SPRIOC 2

Deiseanna nua a fhorbairt d'acmhainní cósta na Gaeltachta trí nuálaíocht a bhaint amach i dtimpeallacht gheilleagrach atá ag síorathrú.

1. Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn sa Ghaeltacht trí Aonad Nuálaíochta Acmhainní Cósta a fhorbairt ag díriú go háirithe ar na réimsí seo a leanas:
 - > Feamainn
 - > Muirshaothrú
 - > Bia
 - > Fuinneamh In-athnuaite
 - > Turasóireacht
2. Cuidiú le cliant forbairt a dhéanamh ar fhiontair a bheidh bunaithe ar acmhainní cósta nó ar fhiontair atá ag tabhairt seirbhíse nó ag tabhairt fosheirbhíse do na hearnálacha thuasluaite.
3. Tacú le fás agus forbairt gnóthaí Gaeltachta sna hearnálacha thuasluaite trí dhreasachtaí airgeadais agus tacaíochtaí cuí eile a chur ar fáil dóibh.
4. Comhpháirtíochtaí, comhghuaillíochtaí straitéiseacha agus gréasáin a fhorbairt le geallsealbhóirí eile ar mhaithe le polasaí éifeachtach bainistíochta d'acmhainní cósta a fhorbairt sa Ghaeltacht.

OBJECTIVE 2

Develop new opportunities for the Gaeltacht's coastal resources through innovation in a changing economic environment.

1. Promote sustainable development in the Gaeltacht through the development of a Coastal Resource Innovation Unit focusing particularly on the following sectors:
 - > Seaweed
 - > Mariculture
 - > Food
 - > Renewable Energy
 - > Tourism
2. Help clients develop enterprises which will be based on coastal resources or businesses supplying or sub-supplying a service to the sectors listed above.
3. Support the growth and development of Gaeltacht businesses in the above listed sectors by providing financial incentives and other appropriate supports.
4. Develop partnerships, strategic alliances and networks with other stakeholders towards the development of an effective management policy in the Gaeltacht for coastal resources.

SPRIOC 3

Dlús a chur le forbairt na turasóireachta mar thiománaí den fhorbairt gheilleagrach sa Gaeltacht.

1. Próifíl na Gaeltachta a ardú mar láthair thurasóireachta cultúrtha agus mar ionad sainiúil saoire inti féin, agus mar áit le Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid agus a labhairt.
2. Soláthraithe Gaeltachta a spreagadh le táirgí agus seirbhísí breise a fhorbairt ionas gur féidir leo teacht i dtír ar sciar breise den mhargadh.
3. Obair i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann agus leis an earnáil réigiúnach turasóireachta chun margaíocht a dhéanamh ar an nGaeltacht agus í a chur chun cinn.
4. An Gaeltacht a chur i láthair mar cheann scríbe tarraingteach le haghaidh infheistíochta.

OBJECTIVE 3

Stimulate the development of tourism as a driver of economic development in the Gaeltacht.

1. Raise the profile of the Gaeltacht as a cultural tourism location and as a unique holiday destination in its own right, and as a region in which to learn, use and speak Irish.
2. Encourage Gaeltacht providers to develop additional products and services so as to enable them to access a larger market share.
3. Work in partnership with Fáilte Ireland, Tourism Ireland and the regional tourism sector to market and promote the Gaeltacht.
4. Profile the Gaeltacht as an attractive investment destination.

SPRIOC 4

Éascú a dhéanamh ar bhonneagar riachtanach a sholáthar le hacmhainneacht fiontraíochta na Gaeltachta a leathnú.

1. Aonaid fheiliúnacha fiontraíochta a fhorbairt dírithe ar na hearnálacha seo a leanas:
 - > **Eolaíochtaí Beatha** – Feistis leighis, chomh maith le teicneolaíochtaí leighis agus nútraiceodaigh.
 - > **Bia** – Na réimsí nideoige a bhaineann le bia mara, feoil agus táirgí eile.
 - > **Seirbhísí Tacaíochta Gnó** – Ionaid teagmhála, seirbhísí cúloifige, seirbhísí airgeadais agus seirbhísí aistriúcháin.
 - > **Fiontair Chruthaitheacha** – Teangabhunaithe, cultúr bhunaithe, ealaínbhunaithe, na meáin agus na meáin dhigiteacha san áireamh.
2. Roinnt de mhaoin fholamh an Údaráis a athchóiriú mar ionaid fheiliúnacha do ghnóthaí atá ag iarraidh fás ón ngorlann go dtí an margadh.
3. Rochtain a éascú ar sheirbhís leathanbhanda ardluais ar phraghas réasúnta sa Ghaeltacht.
4. Tógáil ar chomhpháirtíochtaí leis na húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí stáit agus le heagraíochtaí eile chun díriú ar easpaí bonneagair sa Ghaeltacht agus í a chur chun cinn mar láthair tharraingteach gnó.

OBJECTIVE 4

Facilitate the provision of essential infrastructure in order to expand the enterprise capacity of the Gaeltacht.

1. Develop suitable enterprise units focused on the following sectors:
 - > **Life Sciences** – Medical devices, along with medical technologies and nutraceuticals.
 - > **Food** – Niche areas including seafood, meat and other products.
 - > **Business Support Services** – Contact Centres, including back-office services, financial services and translation services
 - > **Creative Enterprises** – Including language-based, culture-based, arts-based, media and digital media.
2. Redevelop a number of the vacant properties in the industrial portfolio of an tÚdarás as suitable enterprise units for businesses graduating from incubation stage to the market.
3. Facilitate access to affordable high-speed broadband services in the Gaeltacht.
4. Build on partnerships with local authorities, state agencies and other organisations to address the infrastructural deficit in the Gaeltacht and to promote it as a desirable business location.

4. Seachadadh na Straitéise

Feidhmiú

Déanfar pleananna feidhmiúcháin bliantúla a ullmhú do na réigiúin Ghaeltachta atá bunaithe ar na téamaí lárnacha atá aitheanta sa straitéis. Cuid thábhachtach den phróiseas a bheidh in ullmhú spriocanna foirne agus spriocanna aonaracha ionas go mbeidh na baill foirne ar fad ar an eolas faoina ról agus an t-ionchur a mbeifear ag súil leis uathu chun na spriocanna atá leagtha síos a chur i bhfeidhm. Cuirfidh na pleananna bliantúla seo ar chumas na heagraíochta cúinsí athraitheacha a chur san áireamh i saolré na straitéise.

Beidh measúnú agus athbhreithnithe á ndéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh. Tabharfaidh an fhoireann bhainistíochta aird ar leith ar mhonatóireacht dhul chun cinn an phlean agus ar bhaint amach spriocanna mar chuid dá ról straitéiseach, agus cuirfear tuairisc ar fáil do Bhord an Údaráis.

Spriocanna agus Príomhtháscairí Feidhmíochta

Leagfar amach clár oibre ar leith do gach gníomh atá leagtha amach sa phlean. Déanfar an clár oibre seo a leagan amach i gcomhar le bainisteoirí aonair agus le feidhmeannaigh in Údarás na Gaeltachta agus aontófar é leis an bPríomhfheidhmeannach. Ainmneoidh an clár feidhmiúcháin bainistíochta na feidhmeannaigh a bheas freagrach as cur i bhfeidhm an chláir oibre agus cuirfear na tosaíochtaí seo a leanas san áireamh:

- Cuspóirí agus torthaí gach gnímh;
- Spriocanna do gach gníomh, acmhainní maoinithe san áireamh;
- Amlínte sonracha;
- Príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidfear don mheasúnú agus le dul chun cinn a mheas.

4. Delivering the Strategy

Implementation

Annual implementation plans will be prepared for the Gaeltacht regions based on the central themes that are identified in the strategy. Preparing staff targets and personal targets will be an important part of the process so that staff members are aware of their role and the input that will be expected from them in order to implement the targets that have been set out. These annual plans will enable the organisation to take variable factors into account during the life time of the strategy

Assessment and reviews will be carried out by the management team under the direction of the Chief Executive. The management team will pay particular attention to monitoring the progress of the plan and the realisation of targets as part of their strategic role, and a report will be provided to the Board of Údarás na Gaeltachta

Targets and Key Performance Indicators

A specific work programme will be agreed for each action set out in the plan. This work programme will be determined in conjunction with individual managers and executives in Údarás na Gaeltachta and will be agreed with the Chief Executive. The implementation management plan will identify executives who will be responsible for implementing the work programme and will include the following priorities:

- The objectives and results of each action,
- Targets for each action, including funding resources,
- Specific timelines,
- The Key Performance Indicators (KPIs) that will be used for the purpose of assessing and measuring progress.

Monatóireacht agus Measúnú

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an straitéis ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbainfidh an tÚdarás a chuspóirí amach i rith 2014-2017.

Cuirfidh Coiste Pleanála Straitéisí, mar atá i bhfeidhm cheana, tuairisc ráithiúil ar fáil don fhoireann Ardbhainistíochta faoi chur i bhfeidhm an phlean. Cuirfear tuairisc faoi bhráid Bhord an Údaráis go bliantúil.

Mar chuid den mhonatóireacht agus den mheasúnú a dhéanfar ar an straitéis, féachfar conas a fheidhmíonn an plan i bhfianaise na spriocanna atá leagtha síos agus déanfar measúnú chun a fháil amach an bhfuil bealaí níos fearr agus níos éifeachtaí le tabhairt fúthu.

Monitoring and Assessment

The strategy will be monitored and evaluated on an ongoing basis, to ensure that an tÚdarás achieves its objectives during 2014-2017.

A Strategic Planning Committee, which is already in place, will submit a quarterly report to senior management regarding the implementation of the strategy. Progress will be reported to the Board of Údarás na Gaeltachta on an annual basis.

As part of the monitoring and assessment of the strategy, performance in terms of targets set will be assessed and different approaches will be examined in order to ensure the most effective result.

TEAGMHÁIL/CONTACT

Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-503100 Facs: 091-503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

Údarás na Gaeltachta,
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall.

Teil: 074-9560100 Facs: 074-9560101

Ríomhphost: dnag@udaras.ie

Údarás na Gaeltachta,
Páirc Ghnó an Daingin,
Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí.

Teil: 066-9150100 Facs: 066-9150101

Ríomhphost: ciarrai@udaras.ie

Údarás na Gaeltachta,
An Áislann, Bóthar an tSéipéil,
Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.

Teil: 097-81418 Facs: 097-82179

Ríomhphost: maigheo@udaras.ie

Údarás na Gaeltachta, Baile Mhic Íre,
Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

Teil: 026-45366 Facs: 026-45423

Ríomhphost: corcaigh@udaras.ie